



**IRISH RESEARCH COUNCIL**

An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

CLÁR SCOLÁIREACHTA IARCHÉIME RIALTAS  
NA HÉIREANN 2020

SCOLÁIREACHT IARCHÉIME NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

EOLAS FAOIN TÉAMA



**Taighde GCC**

**An Aeráid - Uisce - Inbhuanaitheacht**

*Brúnna a aithint • Bonn eolais a chur faoi bheartais • Réitigh a fhorbairt*

## 1. CÚLRA

I gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) ag lorg iarratas ar Scoláireacht Iarchéime na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, dá ngairtear Scoláireacht Iarchéime GCC anseo feasta.

Cé nach féidir le hiarratasóirí cur isteach ach ar théama scoláireachta amháin, cuirfear iad siúd a roghnaíonn iarratas a chur isteach ar scoláireacht de chuid comhpháirtí straitéisigh maoiniúcháin san áireamh le haghaidh Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann.

Is comhlacht poiblí neamhspleách é an GCC a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Is tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann arna mhaoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) é Clár Taighde GCC. Is comhlacht reachtúil an GCC atá freagrach as caomhnú an chomhshaoil in Éirinn agus cinntíonn sí go mbíonn forbairt inbhuanaithe ann. Déanann sí rialú agus cuireann sí dlíthe i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truilliú mura gcuirí stop leo agus cinntíonn sí go bhfuil bonn fianaise daingean ann faoi threochtaí a bhaineann leis an gcomhshaoil ionas gur féidir na bearta cuí a ghlacadh. Tá ról ag an GCC taighde a bhaineann leis an gcomhshaoil in Éirinn a chomhordú agus tacaíonn sí le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha (trína Ghairmeacha Iomaíocha Bliantúla ar son Taighde ach go háirithe) i réimsí éagsúla a bhaineann leis an gcomhshaoil. Tá sé mar aidhm ag Clár Taighde GCC brúnna a aithint, bonn eolais a chur faoi bheartais agus réitigh a fhorbairt.

## 2. AN CLÁR UM THAIGHDE COMHSHAOIL 2014-2020

Tá [Clár um Thaighde Comhshaoil 2014-2020](#) GCC bunaithe ar “thrí cholún” (aeráid, uisce agus inbhuanaitheacht), a léiríonn na tosaíochtaí taighde is mó a bhaineann le comhshaoil na héireann a chosaint.

## 3. SCOLÁIREACHT IARCHÉIME NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá béim láidir ag Clár Taighde an GCC ar bheartais agus bíonn rialacháin náisiúnta agus treoracha an Aontais Eorpaigh mar ag croílár an taighde sin. Más cuí, spreagtar iarratasóirí smaoineamh faoin dóigh is fearr is féidir úsáid a bhaint as Faireachán na Cruinne (m.sh. COPERNICUS) chun aghaidh a thabhairt ar a gceisteanna taighde roghnaithe féin.

### a. Taighde ar an Aeráid

Táthar ag lorg iarratas ar thaighde nuálach chun bonn fianaise a chur ar fáil a thacódh le forbairt beartais chomhshaoil in Éirinn. Tá sé rithábhachtach go léiríonn iarratasóirí go soiléir an bhaint atá idir a gcuid taighde beartaithe agus:

- *An Clár um Thaighde Comhshaoil GCC 2014-2020;*
- An comhthéacs beartais comhshaoil náisiúnta;
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm.

Tá tograí taighde á lorg a mbeidh scoláireachtaí mar thoradh orthu faoi na réimsí seo a leanas:

- [Téama 1: Stoic charbóin, astaíochtaí, linnte agus roghanna bainistíochta gás ceaptha teasa;](#)
- [Téama 2: Aeráid na hÉireann amach anseo, a tionchar, agus a roghanna leasaithe;](#)
- [Téama 3: Réitigh maidir leis an aeráid, le bainistíocht athraithe agus deiseanna;](#)
- [Téama 4: Eolaíocht Aeir.](#)

#### **b. Taighde uisce**

Táthar ag lorg iarratas ar thaighde nuálach chun bonn fianaise a chur ar fáil a thacóidh le forbairt beartais chomhshaoil in Éirinn. Tá sé rithábachtach go léiríonn iarratasóirí go soiléir an bhaint atá idir a gcuid taighde beartaithe agus:

- *An Clár um Thaighde Comhshaoil GCC 2014-2020;*
- An comhthéacs beartais comhshaoil náisiúnta;
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm.

Tá tograí taighde á lorg a mbeidh scoláireachtaí mar thoradh orthu faoi na réimsí seo a leanas:

- [Téama 1: Uisce sábháilte;](#)
- [Téama 2: Seirbhísí éiceachórais agus inbhuanaitheacht;](#)
- [Téama 3: Teicneolaíochtaí nuálacha uisce;](#)
- [Téama 4: Ár n-acmhainní uisce a thuiscint, a bhainistiú agus a chaomhnú;](#)
- [Téama 5: Saincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna ildhisciplíneacha.](#)

#### **c. Taighde ar an inbhuanaitheacht**

Táthar ag lorg iarratas ar thaighde nuálach chun bonn fianaise a chur ar fáil a thacóidh le forbairt beartais chomhshaoil in Éirinn. Tá sé rithábachtach go léiríonn iarratasóirí go soiléir an bhaint atá idir a gcuid taighde beartaithe agus:

- *An Clár um Thaighde Comhshaoil GCC 2014-2020;*
- An comhthéacs beartais comhshaoil náisiúnta;
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm.

Tá tograí taighde á lorg a mbeidh scoláireachtaí mar thoradh orthu faoi na réimsí seo a leanas:

- [Téama 1: Éifeachtúlacht acmhainní;](#)
- [Téama 2: Sláinte & folláine;](#) lena n-áirítear cosaint ar radaíocht;
- [Téama 3: Seirbhísí caipitil nádúrtha agus éiceachórais, lena n-áirítear ithir agus bithéagsúlacht;](#)
- [Téama 4: Gnéithe socheacnamaíocha an chomhshaoil inbhuanaithe.](#)